



SUIRBHÉ GINEARÁLTA AR AN MBEARTAS FORBRAÍOCHTA

Tá an beartas forbraíochta i gcoilár bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh. Tá sé mar aidhm leis deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an fás inbhuanaithe a chothú, cearta an duine agus an daonlathas a chosaint, comhionannas inscne a chur chun cinn, agus dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus aeráide. Bíonn AE ag obair ar an leibhéal domhanda agus is é an deontóir cabhrach forbartha is mó ar domhan é. Tá an comhar le Ballstáit AE agus an t-aifíniú le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe tábhachtach le go gcuirfear cabhair ar fáil go héifeachtúil.

AN BUNÚS DLÍ

- Airteagal 21(1) den [Chonradh ar an Aontas Eorpach](#) (CAE): sainordú foriomlán agus prionsabail threoracha sa réimse maidir le comhar um fhorbairt AE;
- Airteagal 4(4) agus Airteagail 208 go 211 den [Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh](#) (CFAE);
- Airteagail 312 go 316 de CFAE: ábhair bhuiséadacha;
- [Comhaontú Cotonou](#) (do ghrúpa na stát san Afraic, sa Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC)) agus comhaontuithe comhlachais déthaobhacha éagsúla (faoi Airteagal 217 de CFAE): comhaontuithe sonracha comhair.

CREAT BEARTAIS

Tacaíonn an tAontas Eorpach le tíortha atá i mbéal forbartha tríd an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Is é an cuspóir fadtéarmach atá ann ná deireadh a chur leis an mbochtaineacht, sprioc lárnach i mbeartais sheachtracha AE ó bunaíodh an [Ciste Eorpach Forbraíochta](#) (CEF) faoi Chonradh na Róimhe, 1957. Chumhdaigh CEF na hiarchoilíneachtaí sna réigiúin san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Tá AE ag obair le tuairim is 160 tír timpeall an domhain faoi láthair, agus é ag díriú ar thíortha ACC, ar thíortha atá ag iarraidh ballraíocht AE a bhaint amach, ar chomhpháirtithe AE ó Chomharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt, ar an Áise agus ar Mheiriceá Laidineach.

Is iad AE agus a Bhallstáit le chéile an [deontóir cabhrach is mó ar domhan](#) agus chuir siad EUR 74.4 billiún de chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) ar fáil in 2018. Is inniúlacht chomhroinnte de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhar um fhorbairt: is féidir leis an Aontas comhbheartas forbraíochta a chur i gcrích, ar choinníoll nach



gcuireann sé bac ar Bhallstáit a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú san ábhar. Ciallaíonn leibhéal an chomhair gur minic gurb iad gníomhaireachtaí forbartha na mBallstát a chuireann na cláir a fhaigheann cistiú ó AE i bhfeidhm.

Is ceannaire idirnáisiúnta é AE anois ó thaobh an chomhtháthaithe beartais de agus tá sé d'aidhm aige spriocanna forbartha a chur san áireamh sna beartais ar fad dá chuid a bhfuil tionchar acu ar thíortha atá i mbéal forbartha. Chuige sin, ghlac sé gealltanas polaitiúil in 2005 maidir le 'Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt' (PCD). In 2009, roinneadh an straitéis sin ina cúig réimse: (1) Trádáil agus airgeadas; (2) Aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide; (3) Slándáil sholáthar bia an domhain a chinntiú; (4) An imirce a chur in oiriúint don fhorbairt; agus (5) Na naisc agus na sineirgí idir an tslandáil agus an fhorbairt a neartú i gcomhthéacs an chláir oibre dhomhanda um chothú síochána. Déantar cur síos ar an dul chun cinn atá déanta ag AE i réimse an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt i dtuarascáil dhébhlíantúil ón gCoimisiún; foilsíodh an tuarascáil [is déanaí](#) i mí Eanáir 2019.

Is acmhainn theoranta í an chabhair um fhorbairt. Is ar an gcúis sin go bhfuil sé tábhachtach do AE cabhrú lena éifeachtaí is atá sí, agus cuireann sé dlúthchaidreamh chun cinn le tíortha comhpháirtíochta i gcláreagrú agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí forbartha. Agus aird á tabhairt ar an méid sin, glacadh 'Cód Iompair AE maidir le Roinnt an tSaothair sa Bheartas Forbraíochta' in 2007 agus 'Creat Oibriúcháin AE um Éifeachtacht Cabhrach' in 2011. Tá na hiarrachtaí sin i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta atá ag freagairt do Dhearbhú Pháras na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) a glacadh in 2005 lena gcuirtear chun cinn 'úinéireacht, comhchuibhiú, ailíniú, torthaí agus cuntasacht fhrithpháirteach' sa chabhair um fhorbairt. Tá dhá athbhreithniú déanta ar an gcreat idirnáisiúnta um éifeachtacht cabhrach, i gClár Oibre Accra le haghaidh Gníomhaíochta (2008) agus i gComhpháirtíocht Busan um Chomhar Forbartha Éifeachtach (2011).

A. Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.

Ghlac AE páirt ghníomhach i ndrúchtú [Chlár Oibre 2030](#) na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, lena mbunaítear eiseamláir dhomhanda nua chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Tagann an Clár Oibre in ionad Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna) agus glacadh é i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2015. Tá sraith nua 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) ann atá dírithe ar chuspóirí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus rialachais atá le baint amach faoi 2030. Chuir AE agus a Bhallstáit Tuarascáil Chomhpháirteach Sintéise faoi bhráid Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2019. Bhí an doiciméad dírithe ar ghníomhaíochtaí AE chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach agus eiseofar gach ceithre bliana é.

B. An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt agus Clár Oibre AE don Athrú

Tar éis gur glacadh le Clár Oibre 2030, ghlac AE le leagan athbhreithnithe den [Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt](#) ó 2005, a bhí dírithe ar SFManna. Sa Chomhdhearcadh nua leagtar amach príomhphrionsabail na SFIInna agus straitéis chun iad a bhaint amach, rud a bheidh mar threoir ag beartas forbraíochta AE agus



na mBallstát sa chéad 15 bliana eile trína mbeartais sheachtracha agus inmheánacha. Tá sé mar phríomhchuspóir i gcónaí ag an mbeartas forbraíochta Eorpach deireadh a chur leis an mbochtaineacht. An 7 Meitheamh 2017, shínigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Príomh-Aire Mhála thar ceann Chomhairle AE agus na mBallstát, Uachtarán an Choimisiúin agus an Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an Comhdhearcaidh.

Go himmheánach, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht i mí na Samhna 2016 dar teideal 'Na chéad chéimeanna eile i dtreo todhchaí inbhuanaithe don Eoraip', lena gcomhtháthaítear na SFIInna sa chreat beartais Eorpach agus i dtosaíochtaí reatha AE. Lasmuigh dá theorainneacha, tá geallta ag AE an athuair go gcaithfidh sé 0.7% dá ollioncam náisiúnta ar an gcabhair um fhorbairt, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (ar glacadh leo i mí Iúil 2015), lena leagtar síos an bonn a bhfuil gá leis chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme.

Thairis sin, cloíonn beartas forbraíochta AE laistigh den chlárthréimhse reatha, 2014-2020, le [Clár Oibre AE don Athrú](#). D'fhormheas an Chomhairle an clár oibre i mí na Bealtaine 2012 agus é mar aidhm leis an tionchar atá ag beartas forbraíochta AE a mhéadú. Bunaítear ann gurb iad dhá cholún bhunúsacha an bheartais forbraíochta ná 'cearta an duine, daonlathas, an smacht reachta, agus dea-rialachas a chur chun cinn' agus 'fás cuimsitheach agus inbhuanaithe'. Luaitear sa téacs freisin gur cheart acmhainní a dhíriú ar na 'tíortha is mó atá i ngátar', lena n-áirítear ar stáit leochaileacha agus na tíortha is lú forbairt (LDCanna). Tugtar prionsabal nua 'na difreála' isteach chun méid agus ionstraimí na cabhrach a chur in oiriúint do riachtanais shonracha agus d'fheidhmíocht rialtais gach tíre.

C. Creat reachtach agus airgeadais

Tiocfaidh athrú ar ionstraimí airgeadais AE don ghníomhaíocht sheachtrach (féach Tábla 1 thíos) mar thoradh ar an gcaibidlíocht ar chreat airgeadais ilbhliantúil nua AE don tréimhse 2021-2028 (féach bileog eolais [1.4.3](#) faoi sin), ar cuireadh tús léi in 2018 agus ar cheart go mbeadh sí tugtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2019 nó faoi thús na bliana 2020. I mí an Mheithimh 2018, sheol an Coimisiún togra le haghaidh Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) lena gcomhcheanglaítear an chuid is mó de na hionstraimí atá ann cheana. Ghlac an Pharlaimint a seasamh i mí an Mhárta 2019 agus déanfaidh an Chomhairle amhlaidh roimh dheireadh 2019 ina gcáil mar chomhreachtóirí i leith an ábhair seo.

D. Na príomhionstraimí airgeadais don ghníomhaíocht sheachtrach

Tábla 1: Forléargas ar ionstraimí airgeadais AE don ghníomhaíocht sheachtrach (CAI 2014-2020)

Ionstraim	Fócas	Foirm	Buiséad
An Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF)	Meiriceá Laidineach, an Áise, an Áise Láir, réigiún na Murascaille, an Afraic Theas + tacaíocht théamach dhomhanda	Geografach + Téamach	EUR 19.7 billiún



An Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI)	Sé thír déag sa Chomharsanacht Eorpach, an Rúis (comhar réigiúnach agus trasteorann)	Geografach	EUR 15.4 billiún
An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)	Na Balcáin agus an Tuirc	Geografach	EUR 11.7 billiún
An Ionstraim um Chomhpháirtíocht (PI)	Tíortha tionsclaithe	Geografach	EUR 955 mhilliún
An Ionstraim don Ghraonlainn	An Ghraonlainn	Geografach	EUR 184 mhilliún
An Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (EIDHR)	Cur chun cinn an daonlathais agus chearta an duine	Téamach	EUR 1.3 billiún
An Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP)	Cobhsaíocht pholaitiúil agus cothú na síochána	Téamach	EUR 2.3 billiún
An Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach (INSC)	Sábháilteacht núicléach	Téamach	EUR 225 mhilliún
Lasmuigh den bhuiséad			
An Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)	Tíortha agus Críocha Thar Lear (TCTLanna)	Geografach	EUR 29.1 billiún

Tá tábhacht ar leith le dhá cheann de na hionstraimí sin don chomhar um fhorbairt ó thaobh a méide agus a bhfócais:

Tá an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) ar cheann de na foinsí maoinithe forbartha is mó i mbuiséad AE, a chumhdaíonn an comhar um fhorbairt le Meiriceá Laidineach, tíortha áirithe sa Mheánoirthear, san Afraic Theas agus san Áise Láir, Thoir, Theas agus Thoir Theas. Tá dhá chlár théamacha mar chuid de ICF a chumhdaíonn na tíortha ar fad atá i mbéal forbartha: an clár um 'Earraí Poiblí Domhanda agus um Dhúshláin Phoiblí Dhomhanda' (GPGC) ar fiú EUR 5.1 billiún é, agus an clár um 'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta agus Údaráis Áitiúla' (CSO-LA) ar fiú EUR 1.9 billiún é. Ba é ceann de na nuálaíochtaí is tábhachtaí de chuid ICF do 2014-2020 ná gur tugadh isteach prionsabal 'na difreála'. Tá 16 thír mheánioncaim ann nach bhfuil i dteideal cistiú déthaobhach deontasbhunaithe ó AE a thuilleadh, cé go bhféadfaí iad a chumhdach fós faoi chomhar réigiúnach agus téamach. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an Chomhairle agus an Pharlaimint, meastar gur 'cásanna eisceachtúla' iad cúig thír mheánioncaim (Cúba, an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an Afraic Theas) agus go bhfuil siad fós i dteideal comhair. Tá an Tuircméanastáin agus an Iaráic, atá aicmithe mar thíortha ard-mheánioncaim anois, fós ag fáil cabhair dhéthaobhach ar bhonn eisceachtúil.



Is é an Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) an ionstraim forbartha is sine agus is mó de chuid AE. Níl CEF mar chuid de bhuiséad AE. Tá sé ag feidhmiú faoi chuimsiú Chomhaontú Cotonou, agus cumhdaítear ann an comhar le stáit ACC agus tíortha agus críocha thar lear an Aontais. Is iad na príomhréimsí a chumhdaíonn sé ná forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus forbairt an duine, agus comhar réigiúnach agus lánpháirtíú. Tá EUR 29.1 billiún de bhuiséad ag an 11ú CEF, lena n-áirítear EUR 24.3 billiún don chomhar náisiúnta agus réigiúnach, EUR 3.6 billiún don chomhar laistigh de thíortha ACC agus EUR 1.1 billiún do Shaoráid Infheistíochta ACC. Leithdháiltear na cistí trí úsáid a bhaint as córas ‘cláreagraithe leanúnaigh’, ina mbíonn baint ag tíortha comhpháirtíochta le cinneadh a dhéanamh faoi thosaíochtaí agus faoi thionscadail comhair. Rachaidh Comhaontú Cotonou in éag in 2020 agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht ar an gcaidreamh amach anseo idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2018, agus ba cheart go dtabharfaí í i gcrích sula rachaidh an Comhaontú in éag.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

- Creat dlíthiúil. Tá sé leagtha síos in Airteagal 209 de CFAE go nglacfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle, ‘ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na bearta is gá chun beartas comhair um fhorbairt a chur chun feidhme’. Cuireann sé sin an dá institiúid ar comhchéim, rud a chiallaíonn gurb í an fhorbairt ceann den bheagán réimsí sa bheartas seachtrach ina bhfuil cumhachtaí den sórt sin ag an bParlaimint. Sa chaibidlíocht a rinneadh ar an rialachán maidir le hionstraimí maoinithe sheachtraigh AE, go háirithe ICF, cuireadh béim ar an tábhacht atá le hobair na Parlaiminte ina cáil mar chomhrechtóir agus, mar thoradh ar an méid sin, cruthaíodh sásraí nua chun cur leis an ngrinnscrúdú parlaiminteach. In 2014, den chéad uair, reáchtáil an Coimisiún agus an Coiste um Fhorbairt sa Pharlaimint idirphlé straitéiseach, rud a thug deis don Pharlaimint páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta do dhoiciméid chláraegrúcháin ICF.
- Grinnscrúdú parlaiminteach ar chur chun feidhme beartas Tá sé de cheart ag an bParlaimint an Coimisiún a cheistiú agus fiú agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí cur chun feidhme in aon chás ina bhfaigheann sé amach go gcuireann tograí cúiseanna eile chun cinn nach forbairt iad (e.g. trádáil, comhrac na sceimhlitheoireachta, etc.) nó go bhfuil an Coimisiún ag sárú a chuid cumhachtaí. Feidhmíonn an Pharlaimint a cumhacht rialaithe freisin trí bheartais a phlé go rialta leis an gCoimisiún, i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon. Rinneadh [an t-athbhreithniú meántearma](#) ar na hionstraimí comhair agus forbartha in 2017-2018. Ghlac an Pharlaimint páirt san athbhreithniú sin faoi chuimsiú an idirphlé straitéisigh leis an gCoimisiún. Déantar grinnscrúdú ar CEF trí phróiseas athbhreithnithe pholaitiúil ar dhoiciméid chláraegrúcháin CEF, grinnscrúdú a dhéanann an Coiste um Fhorbairt sa Pharlaimint agus a dhéantar trí Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE.
- Údarás buiséadach. Leagtar síos i gConradh Liospóin gurb iad an Pharlaimint agus an Chomhairle comhúdarás buiséadach an Aontais. Ar feadh tréimhse seacht mbliana CAI, bíonn príomhchumhacht na cinnteoireachta ag an



gComhairle, ach ní mór di toiliú na Parlaiminte a fháil chun an creat a ghlacadh (Airteagal 312 CFAE). I gcás an bhuiséid bhliantúil, tá nós imeachta leagtha síos in Airteagal 314 de CFAE faoina ndéanann an Pharlaimint agus an Chomhairle léamh amháin in aghaidh na hinstitiúide. A luaithe a thugtar na léamha sin i gcrích, is féidir leis an bParlaimint an buiséad a cheadú nó diúltú dó. I réimse an chomhair idirnáisiúnta, leanann an Coiste um Fhorbairt sa Pharlaimint an plé buiséadach agus déanann sé moltaí nithiúla maidir leis na línte buiséid a thagann faoina chúram. Níl aon chumhachtaí foirmiúla buiséadacha ag an bParlaimint ar CEF, áfach, mar go ndéanann an Chomhairle agus an Coimisiún caibidlíocht le chéile faoin méid foriomlán agus faoi dháileadh na gcistí; ní chuireann an Pharlaimint ach comhairle ar fáil. Sa bhreis air sin, tá sé de cheart ag an bParlaimint urscaoileadh a dheonú don Choimisiún, maidir le buiséad AE agus CEF.

Gonzalo Urbina Treviño
11/2019

